# CINNTÍ

## CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2021/560 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Aibreán 2021**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2010/231/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/231/CBES ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2009/138/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Aibreán 2010 ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/231/CBES.

(2) An 26 Feabhra 2021 d'fhormheas Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSC) a bunaíodh de bhun Rún 751 (1992) ó UNSC triúr a chur le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Aibreán 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. P. ZACARIAS

---

([1]) IO L 105, 27.4.2010, lch. 17.

*IARSCRÍBHINN*

Cuirfear na daoine a liostaítear thíos leis an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2010/231/CBES:

I. **Daoine**

"18. **Abukar Ali Adan (ailias: a) Abukar Ali Aden; b) Ibrahim Afghan; c) Sheikh Abukar)**

**Ainmniúchán**: Leas-Cheannaire Al-Shabaab

**Dáta breithe**: a) 1972; b) 1971; c) 1973

**Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe**: an 26 Feabhra 2021

**Faisnéis eile**:

Liostaithe de bhun mhír 8(a) de rún 1844 (2008) mar 'Bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht na Somáile i mbaol, nó ag tacú leis na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a chuireann Comhaontú Djibouti an 18 Lúnasa 2008 nó an próiseas polaitiúil i mbaol, nó a chuireann TFInna nó AMISOM i mbaol le fórsa.' Tá baint ag Abukar Ali Adan freisin le heintitis chleamhnaithe Al-Qaida, Al-Qaida i Leithinis na hAraibe (AQAP – QDe.129) agus le Al-Qaida sa Mhagraib Ioslamach (AQIM – Qde.014).

19. **Maalim Ayman (ailias: a) Ma'alim Ayman; b) Mo'alim Ayman; c) Nuh Ibrahim Abdi; d) Ayman Kabo; e) Abdiaziz Dubow Ali)**

**Ainmniúchán**: Bunaitheoir agus ceannaire Jaysh Ayman, aonad al-Shabaab a dhéanann ionsaithe agus oibríochtaí sa Chéinia agus sa tSomáil

**Dáta breithe**: a) 1973; b) 1983

**Áit bhreithe**: An Chéinia

**Seoladh:** a) teorainn na Céinia/na Somáile; b) Badamadow, Lower Juba Region, an tSomáil

**Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe**: an 26 Feabhra 2021

**Faisnéis eile:**

Liostaithe de bhun mhír 8(a) de rún 1844 (2008) mar 'Bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht na Somáile i mbaol, nó ag tacú leis na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a chuireann Comhaontú Djibouti an 18 Lúnasa 2008 nó an próiseas polaitiúil i mbaol, nó a chuireann TFInna nó AMISOM i mbaol le fórsa.' Chuidigh Maalim Ayman le hullmhúcháin don ionsaí an 5 Eanáir 2020 ar Champa Simba in Lamu County, an Chéinia.

20. **Mahad Karate (ailias: a) Mahad Mohamed Ali Karate; b) Mahad Warsame Qalley Karate; c) Abdirahim Mohamed Warsame)**

**Dáta breithe**: Idir 1957 agus 1962

**Áit bhreithe**: Xararadheere, an tSomáil

**Seoladh:** An tSomáil

**Dáta ainmniúcháin na Náisiún Aontaithe**: an 26 Feabhra 2021

**Faisnéis eile:**

Liostaithe de bhun mhír 8(a) de rún 1844 (2008) mar 'Bheith páirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht na Somáile i mbaol, nó ag tacú leis na gníomhaíochtaí sin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a chuireann Comhaontú Djibouti an 18 Lúnasa 2008 nó an próiseas polaitiúil i mbaol, nó a chuireann TFInna nó AMISOM i mbaol le fórsa.' Bhí ról lárnach ag Mahad Karate san Amniyat, sciathán al-Shabaab a bhí freagrach as an ionsaí a rinneadh le déanaí ar Choláiste Ollscoile Garissa sa Chéinia, a d'fhág go bhfuair beagnach 150 duine bás. Is é Amniyat sciathán faisnéise al-Shabaab, a bhfuil ról lárnach aige in ionsaithe féinmharaithe agus feallmharuithe sa tSomáil, sa Chéinia, agus i dtíortha eile sa réigiún, agus a sholáthraíonn lóistíocht agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta al-Shabaab."